Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 13 Feabhra 2026
(OR. en, hu)

6176/26
ADD 1

**Comhad Idirinstitiúideach: 2025/0101 (COD)**

CODEC 195
JAI 179
ASILE 15
ASIM 10

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/1348 a mhéid a bhaineann le liosta de thíortha sábháilte tionscnaimh a bhunú ar leibhéal an Aontais **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>= Ráiteas |

**D'iarr an Ungáir go gcuirfí an ráiteas seo a leanas isteach i miontuairiscí na Comhairle**

Athdhearbhaíonn an Ungáir go bhfuil ceisteanna móra fós aici maidir leis an gComhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann. I gcomhthéacs liosta an Aontais Eorpaigh de thíortha sábháilte tionscnaimh, mhol an Ungáir i gcónaí gur cheart na tíortha is iarrthóirí incháilithe a chur ar liosta an Aontais go huathoibríoch. Creidimid gur cheart go dtarlódh sé sin go huathoibríoch agus nach gá coinníollacha breise a fhorchur ar thíortha is iarrthóirí chun go bhfanfadh siad ar an liosta.

Is oth leis an Ungáir, mar sin, i ndáiríre, go bhforchuirfí leis an téacs comhréitigh, coinníollacha níos déine ar na tíortha is iarrthóirí incháilithe ná mar a fhorchuirtear ar na tríú tíortha eile atá liostaithe san Iarscríbhinn.

Measann an Ungáir go gcuirfí an réiteach dlíthiúil is láidre ar fáil trí liostú sonrach na dtíortha is iarrthóirí incháilithe, nach n-éireodh cúrsaí níos casta dá bharr agus go gcaithfí go cothrom leis na tíortha is iarrthóirí incháilithe.

I bhfianaise an mhéid sin, staonann an Ungáir ón vótáil.